An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Imlitir Uimh. 0042/2018

Imlitir chuig Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna

Treoir dhea-chleachtais do bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna

Tagann an imlitir seo in ionad Imlitreach 0022/2010

1. Réamhrá

Tá Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais ullmhaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna lena dtugtar aitheantas don ionad uathúil atá ag scoileanna i dtaobh folláine scoláirí a chur chun cinn. **De réir an pholasaí seo ní mór Próiseas um Chur chun cinn Folláine a fhorbairt agus a chur i ngníomh trí úsáid a bhaint as an bpróiseas Féinmheasúnaithe Scoile i ngach scoil faoi 2023.**

Tá dualgas ar bhainistíocht scoile, ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí oideachas den cháilíocht is fearr agus an t-oideachas is oiriúnaí a chur ar fáil d'fhonn folláine a gcuid scoláirí a chur chun cinn. Lena chois sin tá dualgas orthu na scoláirí atá faoina gcúram a chosaint gach uile thráth, ar acmhainní, idirghabhálacha nó cláir a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, míchuí nó iomrallach. Dá bhrí sin is mian leis an Roinn a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta gur riachtanas é cloí leis an dea-chleachtas agus an *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Chreatlach Chleachtais á chur i ngníomh acu*.

San imlitir seo tugtar treoir dhea-chleachtais i dtaobh clár um chur chun cinn folláine agus/nó áisitheoirí seachtracha a roghnú (idir chainteoirí aonuaire agus iad siúd a sheachadann cláir thar tréimhse ama), d'fhonn tacú le cur i ngníomh an Phróiseas um Chur chun cinn Folláine. Áirítear air seo go háirithe curaclaim oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte (OSPS) agus curaclaim oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) a roghnú. Tá feidhm leis an gcomhairle a thugtar san imlitir seo le héifeacht ón dáta eisiúna.

2. Freagracht Scoileanna

San tAcht Oideachais (1998) cuirtear an méid seo in iúl:
Cuirfidh scoil aitheanta forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta scoláirí chun cinn agus cuirfidh sí oideachas sláinte ar fáil dóibh i gcomhairle lena dtuismitheoirí le haird ar spiorad sainiúil na scoile.

Tá scoileanna i suíomh ar leith chun folláine agus foghlaim, idir shóisialta agus mhothúchánach, a chur chun cinn. Ba chóir dóibh a chinntiú go gcuirtear cur chuige scoile uile i bhfeidhm i leith cur chun cinn folláine agus idirghabhála luaithe nuair a bhítear ag féachaint ar úsáid chuí a bhaint as tacaíochtaí agus seirbhísí seachtracha. Bíonn rath ar scoláirí má bhíonn cur chuige scoile uile i bhfeidhm i leith a bhfáis agus má chreideann gach páirtí go bhfuil d'acmhainn acu forbairt, foghlaim agus a bheith folláin. Tá boird bhainistíochta, ceannairí scoile agus foireann scoile freagrach as timpeallacht a chur ar fáil a chothaíonn an scoláire agus a thacaíonn leis . Tá ról ríthábhachtach acu maidir le ceannaireacht agus treoir a thabhairt maidir le cur chuige cuimsitheach comhtháite i leith cur chun cinn na folláine a chur i ngníomh.

Cabhraíonn *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Chreatlach Chleachtais* de chuid na Roinne le scoileanna a chinntiú go neadófar cur chun cinn folláine i gcleachtas reatha na scoileanna. I bpróiseas athbhreithnithe agus forbartha na scoile, trí úsáid a bhaint as an *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Chreatlach Chleachtais,* tugtar treoir agus acmhainní praiticiúla a chabhróidh chun na cuir chuige scoile uile i leith cur chun cinn na folláine a fheabhsú tuilleadh sna réimsí seo a leanas:

- cultúr agus comhshaol
- curaclam (teagasc agus foghlaim)
- polasaí agus pleanáil
- caidrimh agus comhpháirtíochtaí

D'fhonn a chinntiú go gcuirtear cur chuige scoile uile i ngníomh go héifeachtach ní mór don scoil struchtúr ar nós foireann tacaíochta do scoláirí a bheith aici a n-áirítear cur chun cinn folláine ar a cuid freagrachtaí.

Tá sé den tábhacht go leanfaidh bainisteoirí scoile agus an fhoireann ar fad orthu ag forbairt a gcumais agus a muiníne i ndáil le cur chun cinn folláine. **Is é an múinteoir ranga cáilithe an gairmí atá san áit is fearr chun obair go mothálach seasmhach leis na scoláirí. Tá ar a c(h)umas tionchar láidir a imirt ar mheon, luachanna agus iompar an scoláire a stiúradh i dtaobh gach gné den oideachas folláine.** Is féidir sin a bhaint amach trí rochtain a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) lena n-áirítear saineolas agus foghlaim a roinnt chomh maith le deiseanna oibriú comhoibritheach a mhúnlú agus tabhairt faoi. Ba chóir gur foireann atá sainoilte chun na cuspóra sin tríd an bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach ábhartha a chríochnú a sholáthródh gnéithe curaclaim an chuir chun cinn folláine.

Má aithnítear riachtanas mar thoradh ar an bPróiseas um Chur chun cinn Folláine a chur i ngníomh agus má roghnaíonn scoileanna clár nó cainteoir seachtrach, tá sé den tábhacht cloí le dea-chleachtas de réir mar atá mínithe san imlitir seo.

3. Ag Tacú le Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile maidir le Cur chun cinn Folláine trí Chláir agus/nó Áisitheoirí Seachtracha

Trí chláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid is féidir cur chuige cuimsitheach réamhshocraithe i leith cuir chun cinn folláine a fhorlíonadh agus a chomhlánú agus is féidir tacú leis. Is é is dóichí go mbeidh an éifeacht is mó ag cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha sna cásanna seo a leanas:

- más cuid de chur chuige scoile uile iad agus má tá siad dírithe ar riachtanas aitheanta

- má sheachadtar iad do ghrúpaí ranga le rannpháirtíocht foireann na scoile agus le rannpháirtíocht chuí na dtuismitheoirí/caomhnóirí

- má mhéadaíonn siad gnéithe caomhnaitheacha a thugann claonadh i leith torthaí dearfacha do scoláirí nuair a théann an saol ina n-aghaidh, mar shampla: caidrimh thacúla idir daoine fásta agus daltaí a éascú, cabhrú le scoláirí muinín a bheith acu as a gcumas an ceann is fearr a fháil ar chruachás agus meon na máistreachta a chothú i leith cúinsí an tsaoil

- má ghlacann siad próiseas um chur i ngníomh réamhshocraithe, mar shampla, má tá anailís riachtanais iontu, má úsáidtear cláir a bhfuil fianaise mar bhonn eolais acu agus má dhéantar torthaí a rianú agus a mheas do scoláirí

- má chuirtear i ngníomh agus má úsáidtear iad ar shlí mharthanach thar roinnt blianta d'fhonn na héifeachtaí agus na tairbhí fadtréimhseacha a thabhairt chun solais

4. Treoir i dtaobh Áisitheoirí Seachtracha a Fhostú

Má fhostaítear áisitheoirí seachtracha moltar do scoileanna cuimhneamh ar na critéir dhea-chleachtais seo a leanas:

- Déanann áisitheoirí seachtracha comhpháirt shainaitheanta de Phróiseas na scoile um Chur chun cinn Folláine a fhorlíonadh, a chomhlánú agus tacaíonn siad léi.

- Faomhann príomhoide agus an bord bainistíochta áisitheoirí seachtracha i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc lena mbaineann. Ní mór comhaontú roimh ré a fháil ón bpríomhoide agus ón mbord i dtaobh na hábhair ar fad a bheartaíonn an t-áisitheoir seachtrach a úsáid.

- Comhlíonann gach áisitheoir seachtrach polasaí na scoile um chosaint leanaí agus polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha eile de chuid na scoile.

- Deimhníonn údarás na scoile dó féin, le haird do chomhairle dhlí a fhaigheann sé dó féin más gá, go bhfuil gach oibleagáid maidir le grinnfhiosrúchán faoin Acht Grinnfhiosrúcháin agus de réir Imlitreach 0031/2016 comhlíonta aige i dtaobh na n-áisitheoirí seachtracha sin.

- Seachadann áisitheoirí atá cáilithe chun obair laistigh den tsainréimse ábhair agus le scoláirí dá bhfuil na cláir ceaptha na cláir a úsáidtear.

- Bíonn an fhoireann scoile lena mbaineann i dteagmháil le háisitheoirí sula seachadfar an clár.

- **Oibríonn áisitheoirí seachtracha faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteoir ranga lena mbaineann i gcónaí. Fanfaidh sé/sí sa seomra ranga leis na scoláirí gach uile thráth agus bíonn ról lárnach aige/aici i ndáil le seachadadh an ábhair.** Mura bhfuil an múinteoir i láthair d'fhéadfadh go mbainfí de shláine an churaclaim agus inchreidteacht gairmiúlacht an mhúinteora. Lena chois sin d'fhéadfadh sé cur isteach ar shábháilteacht na scoláirí.

- Cuirtear baill den bhfoireann scoile lena mbaineann ar an eolas faoi shonraí an chláir atá á chur ar fáil ag áisitheoirí seachtracha.

- Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus cuirtear ar an eolas iad roimh ré faoi ábhar na gclár a chuireann áisitheoirí seachtracha ar fáil.

- Déanann scoláirí agus múinteoirí measúnú ar áisitheoirí seachtracha agus ar chláir i ndáil le hábhar, teachtaireachtaí a cuirtear in iúl, modheolaíocht agus toradh foghlama beartaithe.

5. Úsáid chuí na nÁisitheoirí Seachtracha a mheas

Agus úsáid chuí na n-áisitheoirí seachtrach á meas acu ba chóir do scoileanna féachaint ar na critéir dhea-chleachtais seo a leanas:

- Tugann áisitheoirí eolas cuimsitheach don scoil faoina n-eagraíocht, inneachar a gcuid clár agus faoi mhodheolaíocht na gclár.

- Léiríonn áisitheoirí tuiscint ar *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Chreatlach Chleachtais* de chuid na Roinne mar aon le hoiliúint chuí agus cáilíochtaí cuí oideachais.

- Léiríonn áisitheoirí scileanna maidir le héascaíocht a dhéanamh do ghrúpaí agus scoláirí maidir le hiad a bhainistiú.

- Léiríonn áisitheoirí tuiscint ar eagrú agus struchtúr ginearálta scoileanna.

- Léiríonn áisitheoirí tuiscint ar an ról atá ag bainistíocht na scoile, ag struchtúr tacaíochta scoile, ag róil an fhoireann tacaíochta agus ar sheirbhísí tacaíochta eile atá tábhachtach más gá aghaidh a thabhairt ar cúinsí dúshlánacha.

6. Úsáid chuí na gClár a mheas

Agus úsáid chuí na gclár á mheas acu ba chóir do scoileanna féachaint ar na critéir dhea-chleachtais seo a leanas:

- Tacaíonn an clár nó an t-ionchur leis an bPróiseas um Chur chun cinn Folláine scoile uile lena n-áirítear an curaclam oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte, corpoideachas agus oideachas sóisialta agus polaitiúil.

- Féachtar ar inmharthanacht an chláir agus ar cé acu an mbeidh nó nach mbeidh éifeacht mharthanach ag an gclár nó an mbeidh deireadh le tairbhí an chláir nuair a bheidh sé críochnaithe.

- Tá an clár oiriúnach do chéim oideachais na scoláirí agus tá inneachar agus modheolaíocht a bhfuil fianaise mar bhonn aige mar chuid de ar a bhfuil torthaí oideachais soiléire.

- Tá inneachar an chláir oiriúnach d'aois, inscne agus cúlra cultúrtha na scoláirí.

- Níl an clár dírithe ar thopaic aonair ná ní úsáidtear beartaíocht turrainge, ná ní mhúsclaítear feasacht mhíshláintiúil, go díreach ná go neamhdhíreach, ar thopaicí ar nós féinmharaithe*, féindochar ná neamhoird itheacháin.

- Tá measúnú neamhspleách déanta ar an gclár agus ar a chuid torthaí, é sin nó tá taighde agus fianaise mar bhonn aige.

- Ní chuireann an clár dualgas neamhréasúnach ar na scoláirí sa mhéid go n-iarrfaí orthu glacadh leis an iomarca freagrachta as folláine a gcuid chomhscoláirí.

*Féadann scoileanna cúram níos mó a dhéanamh de réir a chéile faoi chosc féinmharaithe agus d'fhéadfaidís cuimhneamh ar cláir a bhaineann le cúrsaí

féinmharaithe a thairiscint a chuireann gníomhaireachtaí nó daoine aonair ón taobh amuigh ar fáil. Go sonrach, d'fhéadfadh tubaiste féinmharaithe ugach a thabhairt cláir um chosc féinmharaithe a thabhairt isteach sa scoil. D'fhéadfaí sin a dhéanamh nuair a bhíonn na scoláirí an-leochaileach, tráth a bhíonn tacaíocht nó idirghabháil an-difriúil ag teastáil uathu. Ba chóir cinntí mar seo a ghlacadh i ndlúthchomhairle leo siúd a bhfuil baint acu le freagraí comhordaithe ó na seirbhísí ábhartha cosúil leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh agus seirbhísí eile sa phobal.

D'fhéadfadh toradh dearfach a bheith ar chláir a bhfuil mar chuspóir acu iompar féinmharfach i measc daoine óga a laghdú i gcás roinnt scoláirí cé go bhfuil iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe acu i gcás scoláirí eile. Is iad sábháilteacht na scoláirí agus tacaíocht chuí dóibh na rudaí is tábhachtaí agus ba chóir aird ar leith a thabhairt orthu seo a leanas:

- rioscaí a bhaineann le seachadadh an chláir bheartaithe, b'fhéidir
- aon leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa grúpa scoláirí
- mar a chinntíonn clár feasachta féinmharaithe/cur chun cinn meabhairshláinte ar bith sábháilteacht agus tacaíocht don lucht éisteachta le linn seachadadh an chláir agus ina dhiaidh

Sa liosta seiceála (Aguisín) tugtar treoir do scoileanna nuair a bhíonn siad ag baint úsáide as cláir sheachtracha nó nuair a bhíonn siad ag fostú áisitheoirí seachtracha chun tacú le cur i ngníomh Próiseas um Chur chun cinn Folláine na scoile.

7. Tuilleadh eolais

Ba chóir do mhúinteoirí a dteastaíonn eolas, comhairle, treoir agus tacaíocht uathu teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta ábhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna chun go bhfreastalóidh siad ar a riachtanais ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de. Tá pearsanra Chur chun cinn Sláinte de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil leis, chun eolas, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil.

Dalton Tattan

Rúnaí Cúnta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Iúil 2018

Cuir an litir seo ar a súile do múinteoirí do bhaill bhoird bhainistíochta na scoile, le do thoil.

Tá teacht ar an gciorclán seo leis, ag www.education.ie ag www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha

Aguisín:

Liosta seiceála: Cláir agus/nó Áisitheoirí Seachtracha a Úsáid

Áisitheoirí Seachtracha a Fhostú sa Scoil:		✓	✗
1.	Tá an oiliúint/na cáilíochtaí agus an saineolas riachtanach ag na háisitheoirí chun an clár nó an oiliúint chomhaontaithe a sheachadadh		
2.	Tá ball amháin d'fhoireann na scoile ar a laghad ar fáil chun pleanáil, comhsheachadadh agus measúnú an chláir nó ionchur ón taobh amuigh a éascú		
3.	Tá na háisitheoirí cáilithe go cuí chun obair leis an bpróifíl scoláirí atá sa scoil		
4.	Tá polasaí um chosaint leanaí agus ráiteas slánchumhdaithe i scríbhinn ag áisitheoirí a sheachadann clár nó ionchur		
5.	Is deimhin leis an scoil go bhfuil oibleagáid ar bith maidir le grinnfhiosrúchán faoin Acht Grinnfhiosrúcháin agus de réir Imlitreach 0031/2016 comhlíonta aige i dtaobh na n-áisitheoirí seachtracha		
Nuair a bhítear ag féachaint ar Chlár:		✓	✗
6.	Tá riachtanas sainaitheanta trí Phróiseas um Chur chun cinn Folláine na scoile a d'fhéadfaí tabhairt faoi trí chlár ar leith a úsáid		
7.	Tá an clár ag teacht le cur chuige scoile uile na scoile i leith cur chun cinn folláine		
8.	Tá seachadadh an chláir faofa ag an mBord Bainistíochta		
9.	Tá taighde agus/nó fianaise mar bhonn ag an gclár roghnaithe		
10.	Úsáideann an clár modheolaíochtaí atá bunaithe ar fhianaise/a bhfuil fianaise mar bhonn acu agus cuireann sé foghlaim ghníomhach chun cinn		
11.	Tá gach ball foirne lena mbaineann curtha ar an eolas faoin gclár beartaithe.		
12.	Tá an clár oiriúnach chun freastal ar riachtanais díorma scoláirí a bhfuiltear ag díriú orthu.		
13.	Agus cláir á roghnú ag an scoil ní mór tuairimí na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus na scoláirí a fháil amach		
14.	Comhlánóidh na scoláirí agus an fhoireann foirm measúnaithe		
15.	Déanfar monatóireacht ar thionchar an chláir		
16.	Tá seachadadh an chláir inmharthana le himeacht aimsire laistigh den scoil		
17.	Táthar tar éis machnamh a dhéanamh ar leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na scoláirí agus ar tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár a laghdú an oiread is féidir		

18.	Tá tacaíochtaí do scoláirí ar fáil le linn don gclár a bheith á sheachadadh agus ina dhiaidh		